

## **Maoiniú 2022 i gcomhair Dheich mBliana na gCuimhneachán Chomhairle Chontae na Gaillimhe**

Imeachtaí tábhachtacha agus sainiúla a bhí sna himeachtaí a tharla sa deich mbliana idir 1913 agus 1923. Bhí tionchar ag na deich mbliana sin ar chaidrimh ar feadh glúine. Baineadh amach neamhspleáchas na hÉireann agus cruthaíodh ár Stát le linn na tréimhse sin.

Ba thréimhse freisin í inar tharla go leor athruithe agus athnuachan i dtaobh an chultúir i sochaí na hÉireann, tharla sin mar gheall ar leasú toghchánach, leasú ar chóras na talún, leasú ar chúrsaí oideachais agus mar gheall ar imirce. Bhí an t-éileamh a bhí ar athrú bunreachtúil ag tarlú ag an am céanna a bhí dearbhú chearta an lucht oibre agus na mban ar bun.

Bhí na deich mbliana sin ar cheann de na tréimhsí ba thábhachtaí i nua-stair na hÉireann agus tá údar againn mar sin clár cuimhneacháin cuimsitheach a chur i dtoll a chéile trína dtabharfar aitheantas don tábhacht a bhaineann leis an tréimhse sin, trína dtabharfar aitheantas d'éachtaí na glúine sin agus trína gcuirfear leis an tuiscint atá againn sa lá atá inniu ann ar na himeachtaí a mhúnlaigh an tsochaí ina mairimid.

Tuigeann Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhthéacs an ról atá aici ceannaireacht shibhialta a thabhairt, an tábhacht a bhaineann le ról dearfach agus réamhghníomhach a bheith aici i ngníomhaíochtaí cuimhneacháin a threorú le linn na deich mbliana agus, mar sin, tá Straitéis Cuimhneacháin curtha le chéile aici do na blianta idir 2013 agus 2023.

Spreagann Straitéis Cuimhneacháin na Gaillimhe agus na cláir chuimhneacháin bhliantúla muintir na Gaillimhe anseo sa bhaile agus thar lear cuimhneamh ar an stair chomhroinnte áitiúil atá againn agus machnamh a dhéanamh ar na himeachtaí a mhúnlaigh muid mar phobal.

Leagann an Straitéis agus na cláir chuimhneacháin bhliantúla béim láidir ar rannpháirtíocht agus caidreamh gníomhach an phobail a spreagadh agus a chumasú trí Dheich mBliana na gCuimhneachán.

### **Maoiniú i gcomhair Thionscadail na bliana 2022:**

Cheadaigh an tAire Martin leithdháileadh maoinithe **€50,000** ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i gcomhair gach údarás áitiúil faoi Shnáithe Pobail Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2022. Iarraidh ar údaráis áitiúla €15,000 ar a laghad a leithdháileadh óna leithdháiltí sa bhliain 2022 d'fhonn tacú le dianiarrachtaí ealaíne agus cruthaitheacha. Bhí ar údaráis áitiúla achoimre a chur ar aghaidh ar na gníomhaíochtaí a mbeidh tacú le fáil acu ó leithdháileadh maoinithe 2022 faoi Dé Luain an 31 Eanáir 2022.

Thuig Aonad na gCuimhneachán sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go bhféadfadh sé go mbeadh gá ag cuid de na húdaráis áitiúla le maoiniú breise, maidir le comóradh a dhéanamh ar imeachtaí cuimhneacháin faoi leith agus tionscadail eile atá níos mó. Chuir siad fáilte roimh thograí ag lorg maoiniú breise agus rinneadh na tograí sin a mheas de réir an cháis, i gcomhthéacs an bhuiséid iomláin a bhí ar fáil in 2022.

Ar an 5 Bealtaine 2022 fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe deimhniú gurb ionann leithdháileadh maoinithe iomlán **Chomhairle Chontae na Gaillimhe don bhliain 2022 agus €73,000**. Chomh maith leis sin, leithdháileadh suim breise **€48,000 i gcomhair an chomhthionscadail le Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Comhairle Contae Ros Comáin ar Aleen Cust**.

Tugtar achoimre sa mhéid a leanas ar na tionscadail a fuair an maoiniú sin:

### **Tionscadal 1: Staráí Cónaithe 2022**

Is é aidhm na cónaitheachta seo muintir na Gaillimhe anseo sa bhaile agus thar lear a spreagadh cuimhneamh ar an stair chomhroinnte áitiúil atá againn agus machnamh a dhéanamh ar na himeachtaí a mhúnlaigh muid mar phobal. Tá sé i gceist leis an iomaí scéal eile ón tréimhse sin a nochtadh agus a fhiosrú, scéalta a thugann an dlúthcheangal atá idir an stair agus an saol le fios dúinn dé réir mar a chaithfidimid súil siar ar an tréimhse sin. Chomh maith leis sin leagfar béim láidir leis an gcónaitheacht ar rannpháirtíocht agus caidreamh gníomhach an phobail a spreagadh agus a chumasú trí Dheich mBliaana na gCuimhneachán Chontae na Gaillimhe.

### **Tionscadal 2: Teideal: Ealaíontóirí & Gníomhaithe: 1922 - Mná i dTírdhreach Cultúrtha a bhí ag athrú**

Leagfar béim leis an tionscadal seo, *Ealaíontóirí & Gníomhaithe: 1922 - Mná i dTírdhreach Cultúrtha a bhí ag athrú*, ar ról na mban ina n-ealaíontóirí agus ina ndaoine cruthaitheacha i dtús an fhichiú haois trí bhéim a leagan ar an méid a rinne mná ar leith i dtreo ealaín de chuid na hÉireann a athrú as éadan, lena n-áirítear saothair ealaíne ‘baile’ amhail fíodóireacht, bróidnéireacht agus éadaí a dhéanamh. Bhí an ghluaiseacht ealaíne seo tábhachtach go mór agus muintir na tíre ag iarraidh Neamhspleáchas a bhaint amach ag an am céanna.

Beidh cnuasach de chúig seánra chruthaitheacha: Na hEalaíona, Ceardaíocht, Ceol, Drámhaíocht agus Damhsa, ina bhunús do choimisiúin nua le daoine cruthaitheacha ar fud an Chontae a oibreoidh i gcomhar agus a bheidh i mbun rannpháirtíochta lena bpobail agus iad ag díriú ar théamaí amhail athbheochan chleachtas na n-ealaíon agus na ceardaíochta maisiúil, Náisiúnachas na hÉireann, féiniúlacht ‘cheart’ na hÉireann mar aon le saol sóisialta in Éirinn a choimeád. Tabharfaidh na comhshaothair sin deis dúinn dianpholasaithe na tréimhse sin a chur i leataobh agus machnamh a dhéanamh ar Éirinn shóisialta, chultúrtha agus chruthaitheach agus léiriú físiúil ar mhná i sochaí na hÉireann a chur chun cinn.

### **Tionscadal 3: “Gardaí i nGaillimh 1922 – 2022” Taispeántas Dátheangach**

#### **Eolas faoin Taispeántas:**

Táthar ag súil go dtabharfaidh an taispeántas seo léargas ar bhunú an Gharda Síochána; ar an gcaoi a chuir an Garda Síochána le tír shábháilte agus shíochánta a chothú mar a bhain le Contae na Gaillimhe agus ar an gcaoi a gcuireann an Garda Síochána leis na ceantair áitiúla ina n-oibríonn agus ina gcónaíonn siad. Féachfar leis freisin an chaoi ar athraigh ról an Gharda Síochána le 100 bliain anuas a léiriú.

#### **Comhpháirtithe Tionscadail:**

An Garda Síochána, Rannán na Gaillimhe

Comhairle Chontae na Gaillimhe

Músaem Cathrach na Gaillimhe/Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Tionscadal 4: Leabhar Dátheangach: *Stair an Gharda Síochána i gContae na Gaillimhe: Céad Bliain i mbun Seirbhíse***

Foilseachán dátheangach 250 leathanach lándaite a bheidh ann. Pléifear bunú an Gharda Síochána san fhoilseachán chomh maith le teacht an fhórsa go Gaillimh ar an 25 Meán Fómhair 1922. Tabharfar cuntas freisin ann ar an gcaoi ar chuir an Garda Síochána le tír shábháilte agus shíochánta a chothú mar a bhain le Contae na Gaillimhe agus ar an gcaoi a gcuireann an Garda Síochána leis na ceantair áitiúla ina n-oibríonn agus ina gcónaíonn siad. Féachfar freisin leis an chaoi ar athraigh ról an Gharda Síochána le 100 bliain anuas a léiriú. Cuirfidh an foilseachán leis an taispeántas *Gardaí i nGaillimh 1922 - 2022*. Dáilfear an foilseachán ar leabharlanna, ar scoileanna agus ar an bpobal i gcoitinne saor in aisce.

**Comhpháirtithe Tionscadail:**

An Garda Síochána, Rannán na Gaillimhe

Comhairle Chontae na Gaillimhe

**Tionscadal 5: Forlíonadh Sé Leathanach Déag sa Pháipéar Nuachta *Connacht Tribune***

Tá sé beartaithe forlíonadh 16 leathanach a chur sa Pháipéar Nuachta *Connacht Tribune* i Meán Fómhair 2022 a fhoilseofar chun teacht le comóradh ócáide an Gharda Síochána ag teacht go Gaillimh 100 bliain ó sin, ócáid a bheidh á ceiliúradh ar an 25 Meán Fómhair 2022. Foilseofar 20,000 cóip den fhorlíonadh sin agus féachfar leis cur le heolas agus feasacht ar ról éagsúla agus ar obair éagsúil na nGardaí i nGaillimh le 100 bliain anuas.

**Comhpháirtithe Tionscadail:**

An Garda Síochána, Rannán na Gaillimhe

Comhairle Chontae na Gaillimhe

**Tionscadal 6: Leabhar saothair ar *An Garda Síochána i gContae na Gaillimhe: Céad Bliain i mbun Seirbhíse do bhunscoileanna***

Tá an leabhar saothair dátheangach seo dírithe ar dhaltaí i rang a 5 agus i rang a 6, déanfar é a imeasctha i gcuraclam na bunscoile agus díreoidh sé ar fheasacht a ardú, ar eolas agus ar léamh a thabhairt ar an saol mar a bhí sna 1920idí in Éirinn agus ar ról an Gharda Síochána le 100 bliain anuas. Tá sé beartaithe físeáin agus podchraoladh a leabú sa leabhar saothair agus cuideoidh sé sin leis an stair a thabhairt chun fáire sa seomra ranga.

**Comhpháirtithe Tionscadail:**

An Garda Síochána, Rannán na Gaillimhe

Comhairle Chontae na Gaillimhe

## **Tionscadal 7: CONAIR OIDHREACHTA NA nDEARTHÁIREACHA LOUGHNANE Téigh agus fiosraigh na Suíomhanna & Cuimhneacháin Stairiúla Chogadh na Saoirse in Éirinn Z-Card agus Léarscáil Scéalta a chruthú**

Cuimsítear láithreacha stairiúla agus cuimhneacháin sa chonair oidhreachta aon phointe dhéag seo, láithreacha a bhaineann le gabháil agus marú na ndeartháireacha Harry (Henry) agus Pat (Patrick) Loughnane. Bhí na deartháireacha, a raibh cónaí orthu i Seaneaglais i ndeisceart Chontae na Gaillimhe, ina gcomhaltaí iomráiteacha d’eagraíocht áitiúil Shinn Féin. D’imir siad iománaíocht le Cumann CLG na Beithí freisin. Ba é Harry, a bhí 21 bliain d’aois, an cúl báire a bhí ag an bhfoireann agus ba é Pat, a bhí 29 bliain d’aois, an lánchúl. Rinne Pat seirbhís le hÓglaigh na hÉireann (IRA) le linn Chogadh na Saoirse. Bhí amhras faoi i gcomhrac le Constáblacht Ríoga na hÉireann ag Blackwater i nGort ar an 12 Meán Fómhair 1920, i Luíochán an Chorrbaile ar an 30 Deireadh Fómhair 1920 agus in ionsaí a rinneadh ar theach phóilín a bhí ar scoir, níl dáta an ionsaithe ar eolas.

Beidh spéis ag duine ar bith ar mhaith leo tuilleadh a fháil amach faoi na deartháireacha Loughnane agus a n-áit i stair aimsir na réabhlóide in Éirinn sna láithreacha stairiúla agus cuimhneacháin seo.

### **Comhpháirtithe Tionscadail:**

Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (Gaillimh-Maigh Eo)

Comhairle Chontae na Gaillimhe

## **Tionscadal 8: Liam Mellows – Scannán agus Comhdháil**

Rugadh Liam Mellows in Lancashire i mBealtaine 1892, sáirsint in arm na Breataine a bhí ina athair, ba as Cill Chainnigh agus Loch Garman a mhuintir. Chaith sé cuid mhór dá óige in Éirinn, d’fhreastail sé ar scoileanna míleata agus garastúin i Loch Garman, i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath. Thosaigh Mellows ag cur spéis i gcúrsaí poblachtachais in Éirinn agus é ina chomhalta de na Fianna, leagan náisiúnach de Ghasóga na Breataine. Ní raibh sé i bhfad gur chruthaigh sé gurbh sáreagraí a bhí ann agus sa bhliain 1913 cuireadh de chúram air atheagar a chur ar an ngrúpa ar fud na tíre. Ag an am céanna, chuaigh Mellows i mBráithreachas Phoblacht na hÉireann (IRB) agus in Óglaigh na hÉireann. Nuair a bhris an Chéad Chogadh Domhanda amach bhí easaontas in Óglaigh na hÉireann maidir le dul le fórsaí na Breataine agus d’fhan Mellows leis an ngrúpa easaontach a bhí in aghaidh liostála. Cuireadh Mellows go Gaillimh i nDeireadh Fómhair 1914 mar chuid d’athrú mór a bhí á dhéanamh ar na hÓglaigh, chun na comhaltaí a bhí ann a thraenáil agus chun cathláin nua a bhunú.

### **Moladh i dtaobh an Tionscadail:**

Tá sé beartaithe gearrscannán a léiriú in ómós do Liam Mellows agus comhdháil a réachtáil i mBaile Átha an Rí ar an 7 Nollaig 2022 chun céad bliain ó caitheadh Liam Mellows a chomóradh.

## **Tionscadal 9: Eibhlín Uí Choisdealbha (a toghadh chuig chéad seanad Shaorstát Éireann ina comhalta de chuid Chumann na nGaedheal ar an 7 Nollaig 1922): Ceolchoirm agus Taispeántas**

Bailitheoir amhrán pobail agus gníomhaí polaitiúil ab ea í Eibhlín Uí Choisdealbha (Edith Costello) (1870–1962) a bhí an-tugtha don Ghaeilge. Rugadh í Londain í ar an 27 Meitheamh 1870. Edith Drury a baisteadh uirthi agus tógadh ina ball d'Eaglais Shasana í.

Cháiligh sí ina múinteoir agus bhí sí ina príomhoide ar scoil Naomh Micheál Eaglais Shasana, Bóthar Phálás Buckingham, Londain. Chuaigh sí isteach san Irish Literary Society i Londain inar chuir sí aithne ar na deirfiúracha Yeats. Thosaigh sí ag bailiú amhráin Ghaeilge ó imircigh ansin agus chuaigh isteach i gcraobh Londan de Chonradh na Gaeilge ag chéad chruinniú dá chuid in 1896. I gcaitheamh na sé bliana ina dhiaidh sin bhí ról gníomhach aici san eagraíocht ó tharla gur toghadh í chuig an gcoiste ar an 3 Samhain 1898. Bhí baint freisin aici le heagraíochtaí Gaeilge eile i Londain agus mhúin sí ranganna fonnadóireachta.

Chuaigh sí ina toscaire chuig Ardfeis an Chonartha i mBaile Átha Cliath i 1902 agus d'fhan in Éirinn ina dhiaidh sin. D'athraigh sí a h-ainm go hEibhlín agus chuir sí fúithi i dTuaim i 1903 le bheith ina múinteoir i gclochar na Toirbhearta. Idir na blianta 1908 agus 1913 thosaigh sí ag bailiú amhráin phobail ó chainteoirí Gaeilge agus ó dhaoine eile i nGaillimh agus i Maigh Eo agus í i dteannta a fear céile, Thomas Bodkin Costello, fad a bhí sé i mbun a ghnáthchúrsaí leighis sa chontae. Áiríodh ochtó de na hamhráin sin in imleabhar xvi den *Irish Folksong Society Journal* (1918). Rinneadh leas-uachtarán de Chumann Amhráin Phobail na hÉireann di agus sa bhliain 1923 d'fhoilsigh sí cnuasach dar teideal *Amhráin mhuighe seola*. Bhí sé sin ar an gcéad foilseachán d'amhráin Ghaeilge inar áiríodh an téacs agus an ceol chomh maith le haistriúcháin agus nótaí.

Le linn Chogadh na Saoirse sheas sí do Shinn Féin i dtoghcháin áitiúla na bliana 1920 agus bhí sí ar an gcéad chomhairleoir ceantair mná i nGaillimh Thuaidh. Bhí sí ina coimisinéir ar baile Thuama agus toghadh ina cathaoirleach í ina dhiaidh sin; tá sé ráite nár chaill sí oiread is cruinniú amháin féin, fiú le linn ruathair na nDúchrónach. Rinneadh ionsaí ar a teach féin ó tharla gur thug sí tearmann d'Óglaigh a bhí ar a dteitheadh. Toghadh freisin í chuig Bord Bardachta Thuama sa bhliain 1921 agus bhí sí ina breitheamh i gcúirteanna eadrána Shinn Féin idir na blianta 1921 agus 1922.

Toghadh í chuig chéad seanad Shaorstát Éireann ina comhalta de chuid Chumann na nGaedheal ar an 7 Nollaig 1922. Bhí sí ina seanadóir go dtí gur cloíodh í i dtoghchán na bliana 1934.

Bhí sí i bhfabhar an chonartha agus chuaigh isteach i gCumann na Saoirse sa bhliain 1923, eagraíocht ban a bunaíodh i mí Márta na bliana sin chun cuidiú leis an stát nua a bhunú.

### **Ceolchoirm agus Taispeántas:**

Tá sé beartaithe ceolchoirm agus taispeántas a réachtáil i dTuaim i gcumhne uirthi. Chuirfí an t-imeacht sin ar fáil i gcomhpháirtíocht leis an Old Tuam Society.

### **Comhpháirtithe Tionscadail:**

Old Tuam Society

Comhairle Chontae na Gaillimhe

## **Mórtionscadal Sonrach Comórtha Céad Bliain faoi Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán**

**Aleen Isabel Cust 1868 - 1937**

## **An Chéad tréidlia mná in Éirinn, sa Bhreatain & san Eoraip**



### **Togróirí an Tionscadail & Togra an Tionscadail**

Tá Cumann Cuimhneacháin Aileen Cust, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Contae Ros Comáin, Comhairle Contae Thiobraid Árann i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (Gaillimh & An Creagán), roinnt scoileanna dara leibhéal agus grúpaí pobail sna trí chontae ag iarraidh ceiliúradh a dhéanamh ar an mbean mhisniúil agus dhiongbháilte Éireannach seo ar éirigh léi ainneoin na n-ainneoin agus a cháiligh ar an gcéad tréidlia mná in Éirinn, sa Bhreatain agus, go deimhin, san Eoraip.



### **Maidir le Aileen Cust**

Bean cheannródaíoch as Thiobraid Árann a bhí in Aileen Cust a chur tús leis an staidéar sa tréidliacht sa New Veterinary College i nDún Éideann. Cháiligh sí sa bhliain 1900 ach ní raibh sé de chead aici tréidlia a thabhairt uirthi féin mar gur mhaígh Coláiste Ríoga na

dTréidlianna (RCVS) nach raibh sé de chumhacht aige mná a ghlacadh isteach. Ar deiridh thiar thall, i ndiaidh di breis is 20 bliain a chaitheamh á throid bronnadh a cáilíocht ar Aleen Cust i mí na Nollag 1922.



### **Cúlra an Teaghlaigh**


Rugadh Aleen Isabel Cust ar an 7 Feabhra 1868 i Mainéar Chorrhdhaingin, Contae Thiobraid Árann. Duine de sheisear clainne an Ridire Leopold agus an Bhantiarna Isabel Cust ab ea í. Bhásaigh a hathair, a bhí in a ghníomhaire talún do mhuintir Smith-Barry, nuair nach raibh Aleen ach 10 mbliana d'aois agus thug a máthair an teaghlach go Sasana ansin.

### **A haistear chun bheith ina tréidlia agus a post i gComhairle Chontae na Gaillimhe**

Thug a caomhnóir spreagadh di lena cinneadh a bheith ina tréidlia, cé nach raibh a máthair róshásta faoi. Chláraigh sí sa New Veterinary College, i nDún Éideann. B'iontach an scoláire í, a bhí ar an duine ab fhearr sa rang sa chéad bhliain. Chuir sí críoch lena hoiliúint sa bhliain 1900 ach níor ceadaíodh di an teideal 'tréidlia' a úsáid de bharr a hinscne.

Bhí sártheistiméireachtaí aici agus nuair a chuala William Byrne, tréidlia urramach in Áth Liag, Co. Ros Comáin, a cás thairg sé post di ag obair mar chúntóir aige.

Cheap Comhairle Chontae na Gaillimhe ina cigire tréidliachta í sa bhliain 1905 faoi na hAchtanna um Ghair Aoinmhithe, ceapacháin a dhiúltaigh Coláiste Ríoga na dTréidlianna mar gheall nach raibh aitheantas gairmiúil aici. Fógraíodh an post arís, agus nuair a roghnaíodh Cust arís don phost sa bhliain 1906 thángthas ar réiteach faoinar thug sí faoi dhualgais an phoist leis an teideal leasaithe 'cigire'.



### **An Chéad Chogadh Domhanda: Saoráláí ar an bhFronda Thiar**

Ghlac sí cead neamhláithreachta ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe sa bhliain 1915 agus thiomáin sí a carr chomh fada le Abbeville na Fraince, chun bheith ina hoibrí deonach le cóir leighis a chur ar chapaill ar an bhFronda Thiar. D'oibrigh sí ina baictéareolaí leis an aonad um vacsaíní ainmhithe agus thug aire do go leor capall.

### **Aitheantas Deiridh**

Le héifeacht an Achta um Dhícháiliú ar Fhoras Gnéis (Deireadh a Chur) sa bhliain 1919 cuireadh cosc ar chosc a chur ar mhná dul le gairmeacha agus bhí ar Choláiste Ríoga na dTréidlianna glacadh le ballraíocht Aleen. Bronnadh a dioplóma uirthi i mí na Nollag 1922, 22 bliain i ndiaidh di a scrúduithe deiridh a dhéanamh.

### **Amach sa Saol**

Dhíol sí a cleachtas in Éirinn sa bhliain 1924 agus bhog sí go Plaitford, Hampshire, Sasana. D'imigh Aleen ar shlí na fírinne in Iamáice ar an 29 Eanáir 1937. D'fhág sí £5,000 ina huacht do scoláireacht i dtaighde tréidliachta (agus tosaíocht a thabhairt d'iarratasóirí mná) agus d'fhág £100 ag conchró i gColáiste Ríoga na dTréidlianna i gcuimhne ar a cuid spáinnéar.

### **An tÚdar ar cheart dúinn Aleen Cust a Cheiliúradh**

Ba í Aleen Cust an chéad Tréidliá mná a glacadh léi ar Chlár na dTréidlianna sa bhliain 1922. Dea-eiseamláir a bhí inti a raibh fíis aici i leith leas ainmhithe, a sháraigh an iomaí bac a cuireadh ina haghaidh chun tabhairt faoi ghairm ar dhírigh sí go huile agus go hiomlán air.



Baineann sin freisin leis an Acht um Dhícháiliú ar Fhoras Gnéis (Deireadh a Chur) 1919 a d'fhág go raibh mná ábalta deis a bheith acu tabhairt faoi na gairmeacha den chéad uair riamh in Éirinn.

Ba neamhghnách ar fad a bhí sé go rachadh bean ó chúlra uasaicmeach chomh fada leis an bhFronda Thiar chun aire a thabhairt do chapail ar bhonn deonach agus go rachadh sí ag obair leis an bpobal feirmeoireachta i gContae Ros Comáin.

Trí thabhairt faoin tionscadal comórtha seo, cuideofar le feasacht a ardú agus eolas níos mó a chur ar an gcineál tír a bhí in Éirinn céad bliain ó shin, faoin gcrúatan agus faoin dua ar thug daoine aghaidh orthu agus an chaoi ar éirigh le Aleen gach dúshlán a shárú.

Tabharfaidh an tionscadal léargas do dhaoine ar an saol a chaith duine de laochra neamhathanta na hÉireann agus cinnteofar go mbeidh a fhios ag muintir na hÉireann in 2022 faoina cuid oibre, na hÍobairtí a rinne sí agus a cuid díograis.

### **Comhpháirtíochtaí & Sprioclucht Spéise:**

Is comhpháirtíocht ar leith agus straitéiseach é seo idir Chumann Cuimhneacháin Aleen Cust, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Contae Ros Comáin, Comhairle Contae Thiobraid Árann i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, roinnt scoileanna dara leibhéal agus grúpaí pobail sna trí chontae, na pobail tréidliachta agus feirmeoireachta (lena n-áirítear Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann agus na margaí áitiúla) chun bheith páirteach i dtionscadal Dheich mBliana na gCuimhneachán. Ní hamháin go neartóidh an sineirge a bheidh ann de bharr na ngrúpaí ar fad thuas a bheith ag obair as lámha a chéile an tionchar a bheidh ag seachadadh an tionscadail sa phobal ach cuirfear obair Aonad na gCuimhneachán sa Roinn agus a comhpháirtithe os comhair lucht spéise níos leithne. Is duine í Aleen a thabharfadh ugach do dhaoine, ní hamháin sa bhliain 1922 ach sa bhliain 2022 freisin.

### **Tionscadal Comórtha Aleen Cust 2022**

Is achoimre atá sa mhéid a leanas ar na gnéithe éagsúla a bhaineann le Tionscadal Comórtha Aleen Cust 2022:

#### **Tionscadail Idirbhliana**

Beidh scoileanna dara leibhéal i nGaillimh, i Ros Comáin agus i dTiobraid Árann páirteach i dtionscnamh Thionscadail Idirbhliana Aleen Cust.

#### **Comhdháil**

Tá sé beartaithe comhdháil dhá lá a reáchtáil i gcuimhne Aleen Cust Déardaoin an 11 agus Dé hAoine an 12 Lúnasa 2022 i gColáiste Talmhaíochta an Chreagáin, Campas Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, An Creagán. Co. na Gaillimhe agus beidh imeacht gaolmhar ar siúl in Keypak in Áth Liag, Co. Ros Comáin ar an Satharn an 13 Lúnasa 2022.

#### **Taispeántas**

Pléifear gnéithe éagsúla de shaol Aleen sa taispeántas chomh maith leis an gcuma a bhí ar Éirinn, agus go háirithe Tiobraid Árann, Ros Comáin agus Gaillimh sa bhliain 1922.

## **Leabhar Saothair do Leanáí Bunscoile**

Déanfar an leabhar saothair do leanáí bunscoile a chomhtháthú sa churaclam bunscoile agus díreoidh sé ar fheasacht a ardú, ar eolas agus ar léamh a thabhairt ar an saol mar a bhí sna 1920idí in Éirinn, i Sasana agus sa domhan i gcoitinne, ar obair agus ar shaol na mban, ar an gCéad Chogadh Domhanda, ar an saol mar a bhí sa teach mór agus ar an tírdhreach polaitiúil in Éirinn sna 1920idí. Beidh Aleen ina príomhphearsa sa leabhar saothair a chaithfidh súil siar ar a saol agus í ag fás aníos, í ar thóraíocht chun bheith ina tréidlia, a cuid oibre sa réimse leasa ainmhí agus ar an obair a bhí ar siúl aici agus í ar an bhFronta Thiar. Féachfar leis an leabhar saothair léargas a thabhairt ar an gcaoi ar sháraigh sí an iomaí dúshlán a bhí roimpi chun tabhairt faoi ghairm ar dhírigh sí air go huile agus go hiomlán. Cuideoidh sé le foghlaim thraschuraclaim ó tharla go mbeidh daltaí ag léamh faoi ghnéithe den stair áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuideoidh sé freisin leo cur lena stór focal agus beifear in ann na podchraoltaí agus na físeáin a leabú sa leabhar saothair, a chuideoidh leis an stair a thabhairt chun fáire sa seomra ranga.

## **Léarscáil Scéalta agus Z-Card**

Táthar ag súil go bhforbrófar Léarscáil Scéalta agus z-card chun cuidiú le scéal dochreidte Aleen a insint. Táthar ag súil go dtabharfaidh an Léarscáil Scéalta saincheaptha atá bunaithe ar theicneolaíocht gheospásúil cheannródaíoch saol dochreidte Aleen chun fáire. Tabharfaidh Léarscáil Scéalta an teicneolaíocht nuálach léirscáilíochta is nuaí agus téacs, íomhánna agus ábhar ilmheán le chéile chun scéalta cumhachtacha bunaithe ar áit a insint a mbeidh teacht ag daoine orthu ó aon ghairis a bhfuil Brabhsálaí Gréasáin air chun an t-idirlíon a fháil, táibléid agus gutháin ina measc. Is bealach simplí ach láidir iad Léarscáileanna Scéalta chun eolas a roinnt agus daoine a chur ar an eolas, iad a spreagadh agus ugach a thabhairt dóibh le scéalta a bhaineann lenár stair agus go háirithe chun scéal Aleen a insint.

## **Podchraoltaí agus Físeáin**

Táthar ag súil go ndéanfar físeán gearr chun na háiteanna a bhaineann le saol Aleen a thaispeáint. Tá roinnt staraithe áitiúla ann a bhfuil scéalta fíorspéisiúla ar fad le hinsint acu faoi ghnéithe de shaol Aleen, amhail a cuid oibre in Áth Liag, Co. Ros Comáin, a cúlra mar dhuine d'uaisle na talún i dTiobraid Árann agus sa Ríocht Aontaithe agus an obair a bhí ar bun aici ina tréidlia. Beidh siad ar fad ar fáil ar láithreán gréasáin na nOifigeach Oidhreacht agus ar láithreán gréasáin Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán agus Mná100.

## **Tionscadal Ealaíne/Cruthaitheach**

Tá sé beartaithe tabhairt faoi thionscadal ealaíne/cruthaitheach mar chuid de thionscadal comórtha Aleen Cust. Ó tharla go gcuireann an léirmhíniú atá ag ealaíontóirí agus cleachtóirí

cruthaitheacha na tíre ar mhórimeachtaí staire ardán tábhachtach ar fáil chun machnamh agus tuiscint a spreagadh ar shaincheisteanna, sa am atá caite agus sa lá atá inniu ann, saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith sách dúshlánach, crua agus, in amanna, fíorphearsanta go deo.

**Comhpháirtithe Tionscadail:**

1. Comhairle Chontae na Gaillimhe
2. Comhairle Contae Ros Comáin
3. Comhairle Contae Thiobraid Árann
4. Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (Gaillimh-Maigh Eo)